# 10 Feidhmíocht an chaiteachais ar na healaíona agus spórt a thomhas

**10.1** Ba cheart do chomhlachtaí poiblí creataí láidre tomhais feidhmíochta agus tuairiscithe a bheith i bhfeidhm acu ionas gur féidir leo a léiriú go trédhearcach go bhfuil a bpríomhchláir agus seirbhísí á seachadadh ar bhealach éifeachtach agus go bhfuil luach ar airgead poiblí á bhaint amach acu san am céanna.

**10.2** Is ionann faisnéis feidhmíochta agus an modh trínar féidir eagraíocht a mheas maidir le cé chomh maith is atá ag éirí leo ó thaobh a spriocanna agus a gcuspóirí de. Cabhraíonn sé lena chinntiú go bhfuil pleanáil éifeachtach, monatóireacht agus meastóireacht ar fheidhmíocht ann chomh maith le freagracht sheachtrach. Toisc gur féidir leis dul chun cinn na heagraíochta a léiriú ó thaobh a cuspóirí a bhaint amach, tá ról tábhachtach á imirt aige maidir le

- feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí atá á seachadadh agus eagraíochtaí a dhéanamh níos éifeachtaí
- straitéisí agus beartais na heagraíochta a fhorbairt, mar shampla trína shainaithint céard iad na rudaí a éiríonn leo agus nach n-éiríonn leo
- pleanáil ghnó, go háirithe gníomhartha agus slata tomhais feidhmíochta a dhéanamh de chuspóirí ardleibhéil
- cabhrú leis an lucht bainistíochta tuiscint a fháil ar conas atá ag éirí leis an eagraíocht, leis na ranna agus leis na daoine aonair
- cinneadh a dhéanamh maidir le leithdháileadh acmhainní agus maidir le seirbhísí a chur in ord tosaíochta, agus
- cuntasacht don Oireachtas agus do phríomhpháirtithe leasmhara eile — ligeann sé do pháirtithe leasmhara tuiscint a fháil ar cad atá (agus cad nach bhfuil) á bhaint amach, agus conas feabhas a spreagadh.

**10.3** Tá slata tomhais feidhmíochta agus táscairí ar leibhéal vóta an duine aonair agus an chláir caiteachais sna *Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí* (Na Meastacháin Athbhreithnithe) bhliantúla a fhoilsíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN, agus Athchóirithe (An Roinn Caiteachais Phoiblí).[1,2] Glacann táirgeadh na faisnéise fairsinge sin go leor ama agus acmhainní gach bliain sna ranna agus sna hoifigí rialtais láir uile.

**10.4** Cé go ndéantar iniúchadh ar chaiteachas gach cláir caiteachais agus go dtuairiscítear sna cuntais leithreasa vóta ábhartha é, ní dhéantar an toradh ó thaobh na slata tomhais feidhmíochta nó na dtáscairí comhthéacs ábhartha de a thuairisciú sna cuntais. Ina áit sin, cuirtear na torthaí feidhmíochta i láthair leis an meastachán don chéad bhliain eile de ghnáth, mar chuid de phróiseas na Meastachán Athbhreithnithe. Ní gné riachtanach an chórais d'fhoilsiú na faisnéise feidhmíochta é iniúchadh neamhspleách a dhéanamh ar na slata tomhais ná ar na táscairí.

1 Baineann ***slata tomhais feidhmíochta*** leis na hathróga is féidir a thomhas le tagairt do chaighdeán cainníochtaithe éigin, nó do bhonn comhairimh comhaontaithe, atá ábhartha d'úsáideoir an slata tomhais sin. Baineann ***táscairí feidhmíochta*** le cúinsí inchainníochtaithe a léiríonn cad í an fheidhmíocht inmhianaithe, ach nach dtomhaiseann go díreach í agus/nó go beacht.

2 Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí ag cur an téarma 'scála tomhais feidhmíochta' chun cinn (seachas 'slata tomhais agus táscairí') chun an teanga a dhéanamh níos éifeachtaí.


**10.5** Tugadh faoin scrúdú seo chun meas cé acu atá nó nach bhfuil na slata tomhais feidhmíochta a úsáideann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (an Roinn) úsáideach chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí agus ar luach ar airgead á príomhchláir. Dhírigh an scrúdú ar dhá chlár na Roinne — clár B Na hEalaíona agus an Cultúr, agus clár D Spórt agus seirbhísí áineasa.

**10.6** Chuaigh an fhoireann imscrúdaithe i mbun plé le foireann na Roinne agus rinne siad athbhreithniú ar roinnt cáipéisí lena n-áirítear ráitis straitéise, comhaontuithe seachadta feidhmíochta, agus na cuntais leithreasa agus na Meastacháin Athbhreithnithe do Vóta 33.

## Bainistíocht feidhmíochta agus luach ar airgead

**10.7** Ba cheart go gcabhródh tomhas fheidhmíocht na n-eintiteas a gcuireann an Státchiste maoiniú ar fáil dóibh, le himeacht ama, leis na comhlachtaí earnála poiblí aghaidh a thabhairt ar riachtanais shóisialta ábhartha na saoránach. Socraíonn an caidreamh idir an t-ionchur acmhainní agus cad a bhaintear amach i ndáiríre ó thaobh aschuir agus torthaí de, barainneacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chaiteachais — tagraítear dóibh seo le chéile mar an 'luach ar airgead' a baineadh amach (féach Fíor 10.1).

**Fíor 10.1 Creat bainistíochta feidhmíochta agus luach ar airgead (VFM)**





Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Struchtúr an vóta

**10.8** Thabhaigh an Roinn ollchaiteachas de thart ar €1.1 billiún faoin vóta in 2023, a seachadadh thar cúig chlár caiteachais (féach Fíor 10.2). Bhain 48% (€531 milliún) de chaiteachas iomlán na Roinne leis an gcaiteachas ar chlár B Na hEalaíona agus an Cultúr, agus ar chlár D Spórt agus seirbhísí áineasa.

**Fíor 10.2 Clár caiteachais in 2023**




Foinse: Vóta 33 Cuntas Leithreasa 2023 don Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

### *Cuspóirí straitéiseacha*

**10.9** Misean na Roinne is ea forbairt inbhuanaithe na turasóireachta, na meán agus na Gaeltachta a threorú, rannpháirtíocht sa chultúr, sna hearnálacha cultúir, ealaíon agus spóirt agus sa Ghaeilge a chur chun cinn, tacú le dul chun cinn sóisialta, agus feabhas a chur ar fhás cultúrtha agus eacnamaíoch shochaí na hÉireann.

**10.10** Sainaithnítear sé sprioc i ráiteas straitéise na Roinne don tréimhse 2023 go 2025 agus baineann dhá cheann acu le seachadadh an chláir B Na healaíona agus an cultúr agus an chláir D Spórt agus Áineas. Is iad sin:

- ***Sprioc ealaíon agus cultúir*** — chun tacú le rannpháirtíocht daoine aonair agus an phobail agus í a spreagadh sna healaíona, sa chultúr agus sa chruthaitheacht, ag saibhriú saol daoine trí ghníomhaíocht chultúrtha, chruthaitheach, chun ealaíona, cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn go domhanda, agus chun geilleagar oíche níos bríomhaire agus níos éagsúla a spreagadh.
- ***Sprioc spóirt agus áineasa*** — rannpháirtíocht sa spórt a chur chun cinn, go nglacfaidh níos mó daoine páirt sa spórt, le béim ar leith ar rannpháirtíocht na mban agus ar an éagsúlacht, fad is atáthar ag leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i saoráidí nua spóirt, lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus mórimeachtaí a reáchtáil.

**10.11** Cuireann an Roinn an dá sprioc seo in iúl trí 22 'straitéis ardleibhéil' níos sonraithe — 14 don chlár ealaíon agus ocht gcinn don chlár spóirt (féach Aguisín 10A).

## Slata tomhais feidhmíochta sna meastacháin bhliantúla

**10.12** Cuirtear na Meastacháin Athbhreithnithe — meastacháin chaiteachais (nó buiséid) do na seirbhísí éagsúla vótáilte — i láthair don Oireachtas ar bhonn cláir ar chlár, ag leagan amach

- an t-ionchur molta airgeadais agus acmhainní daonna don chlár don bhliain bhuiséid (le figiúirí an bhuiséid choibhéisigh ón mbliain roimhe sin mar chomparadóirí)

1 Tá an leagan is deireanaí de Thuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí (do 2023) ar fáil anseo. Tá na tuarascálacha faoi na cláir ealaíon agus spóirt ar fáil ar leathanach 188– 189 agus 192 – 193 faoi seach.

- spriocanna do na príomhghníomhaíochtaí agus/nó d'aschur atá le seachadadh sa bhliain bhuiséid (le dhá bhliain roimhe sin chun comparáid a dhéanamh)
- 'comhthéacs agus táscairí tionchair' stairiúla, gan spriocanna agus
- cuspóirí buiséid chomhionannais agus táscairí feidhmíochta.

**10.13** Mar is gá faoin gcreat tras-rannach do na meastacháin, d'fhorbair an Roinn sraith slat tomhais agus táscairí dá príomh-aschur agus príomhghníomhaíochtaí a gcuirtear maoiniú ar fáil dóibh faoi na cláir ealaíon agus spóirt. Cuirtear iad seo i láthair i sceidil atá ceangailte le meastacháin na gclár ar leith, in éineacht leis na spriocluachanna atá le baint amach. Cuirtear i láthair roinnt táscairí comhthéacs agus tionchair agus 'cuspóirí buiséid chomhionannais agus táscairí feidhmíochta' chomh maith.

**10.14** Déantar an leagan amach ar chur i láthair na faisnéise feidhmíochta sna Meastacháin Athbhreithnithe a chaighdeánú ar fud na vótaí uile. Go ginearálta, cuirtear an fhaisnéis i láthair ag baint úsáid as clónna beaga, agus gan mórán sainmhínithe ar shlata tomhais/ar tháscairí. Go minic bíonn sé deacair an fhaisnéis a léamh agus dúshlánach ciall a bhaint aisti ar bhealach fiúntach.

**10.15** Cé go dtuairiscítear caiteachas na gclár i gcuntas leithreasa na Roinne agus go ndéantar iniúchadh air, ní dhéantar tuairisciú ar an toradh ó thaobh na slat tomhais feidhmíochta ná aon táscaire comhthéacs agus comhionannais de sna cuntais. Ina áit sin, cuirtear na torthaí sin i láthair leis an meastachán don chéad bhliain, mar chuid de phróiseas na Meastachán Athbhreithnithe. Foilsítear roinnt torthaí feidhmíochta ar leithligh i d*Tuarascáil Feidhmíochta na Seirbhíse Poiblí* bhliantúil.[1]

### *Ailíniú straitéiseach na slat tomhais*

**10.16** Rinneadh comparáid idir na slata tomhais aschuir/spriocanna a cuireadh i láthair i meastachán athbhreithnithe 2023 do Vóta 33 agus na straitéisí ardleibhéil curtha in iúl do na cláir (féach Aguisín 10A). Léirigh sé seo go raibh na spriocanna feidhmíochta/slata tomhais foilsithe ag teacht leis na straitéisí don chlár spóirt go pointe — bhí sprioc feidhmíochta/slat tomhais amháin ar a laghad ag seacht as na hocht straitéis ardleibhéil do 2024. I gcomparáid leis sin, bhí an t-ailíniú i bhfad níos laige don chlár ealaíon — ní raibh spriocanna feidhmíochta/slata tomhais ach ag sé straitéis ardleibhéil as 14.

**10.17** Luaigh an Roinn gur seans nach féidir na scálaí tomhais cainníochtúla a ailíniú le gach straitéis ardleibhéil. Mar shampla, ní bheadh slat tomhais aschuir d'fhorbairt champas spórt náisiúnta Spórt Éireann, lena n-áirítear forbairt na dtionscadal atá leagtha amach i máistirphlean an champais, indéanta, toisc nach bhfuil sé inchainníochtaithe ó thaobh staitistice de.

### *Ábharthacht na slat tomhais*

**10.18** Le haghaidh mheastachán 2023, cuireadh 16 shlat tomhais feidhmíochta ar fáil don chlár ealaíon agus 15 don chlár spóirt (féach Fíor 10.3 Fíor 10.4 thíos). Tá líon iomlán na slat tomhais feidhmíochta a cuireadh i láthair tar éis méadú beagnach faoi dhó do na cláir seo ó 2017.

## Fíor 10.3 Clár B Na hEalaíona agus an Cultúr — spriocanna aschuir 2017 - 2024, agus táscairí comhthéacs agus tionchair 2017 – 2022

| | Slata tomhais aschuir — spriocanna | Fo-cheannteideal | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Líon na n-údarás áitiúil a gcuireann Éire Ildánach maoiniú ar fáil dóibh | B.6 | | | | 31 | 31 | 31 | 31 | 31 |
| 2 | Líon na n-eagraíochtaí ealaíon agus cultúir (amharclanna, dánlanna srl.) a fhaigheann deontais chaipitil | B.7 | | | | *Ní chuirtear ar fáil* | 180 | 150 | 120 | 110 |
| 3 | Líon na n-ealaíontóirí a chuireann cultúr na hÉireann chun cinn thar lear | B.8 | | | | 1,800 | 900 | 500 | 1,000 | 2,800 |
| 4 | Líon na n-imeachtaí le healaíontóirí Éireannacha a dtacaítear leo go domhanda | B.8 | | | | 600 | 300 | 300 | 500 | 620 |
| 5 | Líon na n-ealaíontóirí aonair a dtugtar maoiniú dóibh | B.9 | 410 | 550 | 600 | 600 | 700 | 1,000 | 2,100 | 2,100 |
| 6 | Líon na n-eagraíochtaí ealaíon a fhaigheann maoiniú | B.9 | 460 | 500 | 600 | 720 | 840 | 895 | 1,075 | 1,075 |
| 7 | Líon na dtionscadal scannán lánfhada/ drámaí teilifíse a fhaigheann maoiniú léiriúcháin ó Fhís Éireann | B.12 | | 37 | 39 | 40 | 48 | 53 | 53 | 55 |
| 8 | Líon na dtograí forbartha scileanna scáileáin | B.12 | | | | 60 | 65 | 70 | 70 | 70 |
| 9 | Forbairt scileanna scannáin — rannpháirtithe | B.12 | | | | | | 1,000 | 1,000 | 1,000 |
| 10 | Tionscadail ar infheistigh Fís Éireann[a] iontu | B.12 | 36 | 37 | 39 | *Ní chuirtear ar fáil* | 206 | 280 | 280 | 280 |
| 11 | Líon na n-ealaíontóirí ar tacaíodh leo — bunphá do na healaíona (scéim phíolótach) | B.16 | | | | | | 2,000 | 2,000 | 2,000 |
| 12 | Líon na ndeontas a bronnadh faoin Scéim Tacaíochta do Thaispeántais Bheo (LPSS) | B.17 | | | | *Ní chuirtear ar fáil* | 237 | 120 | | |
| | **Comhthéacs agus táscairí tionchair — iarbhír** | **Fo-cheannteideal** | **2017** | **2018** | **2019** | **2020** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** |
| 13 | Líon na gcuairteoirí ar fhorais chultúrtha[b] | *Ní shonraítear an fo-cheannteideal do na slata tomhais aschuir seo* | 5m | 4.7 m | 4.9 m | 0.73 m | 1.26 m | 3.15 m | *Cuireadh torthaí ar fáil dhá bhliain chun deiridh.* | |
| 14 | Líon na n-imeachtaí foghlama agus rannpháirtíochta i bhforais chultúrtha náisiúnta (NCI) | | | 4,833 | 8,470 | 384 | 2,435 | 10,555 | | |
| 15 | Líon na ndaoine a d'fhreastail ar imeachtaí foghlama agus rannpháirtíochta NCI | | | 338,000 | 511,000 | 233,000 | 586,000 | 469,000 | | |
| 16 | Ealaíontóirí Éireannacha a dtacaíonn Cultúr Éireann leo | | | | | | | | | |
| | ▪ Líon na n-ealaíontóirí/na n-eagraíochtaí ar tacaíodh leo | | 450 | 550 | 550 | 345 | 300 | 1,560 | | |
| | ▪ Líon iomlán an deontais | | €3.5 | €4m | €4.1m | €4.1m | €4.6m | €5.08m | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| ▪ Aimsiú Domhanda[c] | 3.5m | 5.5 m | 6m | 4 m | 6m | 7.8m |
| | *Líon na spriocanna a cuireadh ar fáil do tháscairí aschuir chun comparáid a dhéanamh leis an bhfíor-fheidhmíocht* | | | | | |

Foinse: Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2017 – 2024

Nótaí:
a Roimh 2021, níor measadh gur tionscadail a ndearna Fís Éireann infheistíocht iontu ach líon na scannán lánfhada/ na ndrámaí teilifíse a bhí ag fáil maoiniú léiriúcháin. Ó 2021 i leith, tá gach tionscadal maoinithe á chur san áireamh.
b Iomlán.
c Is ionann an táscaire Aimsithe Dhomhanda agus líon na ndaoine sa lucht féachana a bhaineann leis an maoiniú a chuirtear ar fáil. Thug an Roinn faoi deara gur tuairiscíodh uimhreacha míchearta maidir le líon na ndaoine sa lucht féachana mar fhaisnéis airgeadais. Cuireadh an t-eolas is deireanaí leis an Meastachán Athbhreithnithe 2024 chun rangú ceart na faisnéise seo a léiriú.

### *Slata tomhais an chláir ealaíon*

**10.19** Tá go leor de na slata tomhais feidhmíochta don chlár ealaíon bunaithe ar conas a chaitear an t-airgead, ó thaobh líon (sprioclíon) na bhfaighteoirí de. Ní thugann siad seo aon eolas faoi aschur ar bith a baineadh amach ón gcaiteachas atá faoi chaibidil. Mar shampla,

- Maidir leis an scéim €22.8 milliún d'iarsmalanna réigiúnacha, dánlanna, ionaid chultúrtha agus tionscadail (fo-cheannteideal B.6), is é an t-aon slat tomhais bhaintigh ná líon na n-údarás áitiúil (31) a gcuirtear maoiniú ar fáil dóibh faoi 'Éire Ildánach'.
- Maidir leis an scéim maoinithe caipitil €36.7 milliún le haghaidh bonneagar cultúrtha agus forbartha (B.7) in 2023, is é an t-aon slat tomhais a chuirtear i láthair ná líon na n-eagraíochtaí a fuair deontas caipitil sa bhliain. Léiríonn na figiúirí go raibh laghdú ar sprioclíon na dtionscadal ar tacaíodh leo (120 in 2023, laghdaithe ó 150 in 2022) a bhfuil codarsnacht mhór ann idir seo agus an méadú 31% ar an soláthar airgeadais (méadaithe ó €28.1 milliún in 2022).
- Maidir leis an soláthar €130 milliún don Chomhairle Ealaíon (fo-cheannteideal B.9), tá dhá shlat tomhais ann: líon na n-eagraíochtaí ealaíon a bhfuil maoiniú á fháil acu, agus líon na n-ealaíontóirí aonair a bhfuil maoiniú á fháil acu. É sin ráite, toisc nach gcuirtear an candam maoinithe maidir le gach ceann de na catagóirí sin i láthair, is deacair an tábhacht a bhaineann leis a mheas.

**10.20** Luaigh an Roinn an méid seo a leanas:

- Tagann an maoiniú faoi fho-cheannteideal B.6 isteach i roinnt mhaith aonad gnó ar fud na roinne ealaíon agus cultúir. Cé go mbaineann an t-aon slat tomhais atá foilsithe sna Meastacháin Athbhreithnithe leis na húdaráis áitiúla a dtacaíonn Éire Ildánach leo, cuirtear slata tomhais feidhmíochta eile san áireamh i gcomhaontuithe seirbhíse/ comhaontuithe seachadta feidhmíochta éagsúla le deontaithe. Ní furasta roinnt clár agus tograí a chainníochtú ó thaobh na staitistice/ na cainníochta de — mar shampla, tá scéimeanna geilleagair oíche sa chéim phíolótach faoi láthair, agus dá bharr sin ní féidir táscairí soiléire intomhaiste ar leith a shainaithint go fóill.
- Maidir le fo-cheannteideal B.7, cuirtear maoiniú ar fáil do roinnt tionscadail chaipitil an-tábhachtacha faoin bplean forbartha náisiúnta, agus dá bharr sin, tháinig laghdú ar líon na dtionscadal idir 2022 agus 2023 agus mhéadaigh an caiteachas sa tréimhse chéanna.

**10.21** Tá ceithre shlat tomhais feidhmíochta ann maidir leis an €37.9 milliún de mhaoiniú vótáilte d'Fhís Éireann (fo-cheannteideal B.12). Baineann ceann acu le 'líon na dtograí forbartha scileanna físe' a bhfuil maoiniú le cur ar fáil dóibh, ar sainmhíniú sách neamhbheacht é. Slat tomhais a bhaineann leis, más fíor, ná 'líon na rannpháirtithe san fhorbairt ar scileanna scannánaíochta', atá níos cosúla le slat tomhais aschuir, de réir dealraimh. Is cosúil go bhfuil an cineál céanna catagóire i gceist leis an dá shlat tomhais atá fágtha — 'tionscadail a ndearna Fís Éireann infheistíocht iontu' agus 'líon na dtionscadal scannán lánfhada/drámaí teilifíse a bhfuil maoiniú léiriúcháin á fháil acu'. Mar a bhí i gceist le fo-cheannteideal B.9, ní chuirtear an candam maoinithe a shanntar d'aon cheann de na fochatagóirí caithimh seo i láthair.

**10.22** Mar aon le 'gnáth-shlata' tomhais feidhmíochta Fhís Éireann, tá dhá 'shlat tomhais feidhmíochta comhionannais' ann (atá leagtha amach in Aguisín 10B). Baineann siad seo le céatadán na n-iarratas a fuair Fís Éireann le 'tallann bhaineann cheangailte', agus líon na n-iarratas le 'tallann bhaineann cheangailte' a n-éiríonn leo. Ní féidir ciall fhónta a bhaint as tábhacht an chúinse ar leith seo.

**10.23** Clúdaíonn fo-cheannteidil B.5 (€27.4 milliún), B.10 (€18.7 milliún), B.11 (€10 milliún) agus B.13 (€13.4 milliún) an maoiniú ginearálta do raon foras cultúrtha náisiúnta. Cé go dtuairiscítear líon iomlán na gcuairteoirí, curtha le chéile ar fud na bhforas cultúrtha náisiúnta éagsúil, mar tháscairí comhthéacs agus tionchair sna Meastacháin Athbhreithnithe, ní chuirtear aon slat tomhais aschuir i láthair do na fo-cheannteidil seo.

**10.24** Ní bhaineann táscairí tionchair agus/nó aschuir an chláir ealaíon a chuirtear i láthair le meastachán 2023 le fo-cheannteidil caiteachais ar leith. Baineann dhá cheann le cuairteoirí nó le rannpháirtithe na ngníomhaíochtaí in bhforais chultúrtha náisiúnta, ach ní léir cén foras atá san áireamh, nó cad a léireodh 'feidhmíocht mhaith'.

**10.25** Sainmhínítear slat tomhais thionchar an mhaoinithe do chlár Chultúr Éireann (€4.6 milliún in 2022) chun tacú le healaíontóirí Éireannacha thar lear mar 'Aimsiú Domhanda' agus bhain €7.8 leis in 2022. Luaigh an Roinn gur tuairiscíodh an táscaire 'Aimsiú Domhanda' go mícheart sna Meastacháin Athbhreithnithe mar fhaisnéis airgeadais.[1] Ceartaíodh sna Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh 2024 é agus tagraíonn sé do líon na ndaoine sa lucht féachana anois.

**10.26** De réir na Roinne, cé gur féidir scálaí tomhais ar leith do gach foras cultúrtha náisiúnta a chur ar fáil sna Meastacháin Athbhreithnithe, chuirfeadh sé go mór leis na sonraí atá curtha i láthair.

**10.27** Tríd is tríd, is figiúirí stairiúla iad na táscairí tionchair, a bhí ann roimh an mbliain bhuiséid agus comparadóir buiséid na bliana roimhe sin araon. Dá bharr sin, ní léiriú iad ar an tionchar a bhfuiltear ag súil leis ón gclár caiteachais ábhartha.

**10.28** Luaigh an Roinn go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sna Meastacháin Athbhreithnithe bunaithe ar threoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí.

1 Rinneadh an earráid chéanna sna Meastacháin Athbhreithnithe ar feadh roinnt blianta.

**Fíor 10.4 Clár D Spórt: spriocanna aschuir 2017 - 2024, agus táscairí comhthéacs agus tionchair 2017 – 2022**

| | Slata tomhais aschuir — spriocanna | Fo-cheannteideal | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Líon na saoráidí spóirt/na dtionscadal atá á dtógáil nó a cuireadh i gcrích sa bhliain | D.3 | | | 1,000 | 1,000 | 700 | 665 | 730 | 730 |
| 2 | Clár caipitiúil spóirt — líon na n-íocaíochtaí a rinneadh | D.3 | 1,300 | 1,280 | 1,600 | 1,400 | 1,600 | 1,520 | 1,670 | 1,750 |
| 3 | Clár caipitiúil spóirt — luach na n-íocaíochtaí a rinneadh | D.3 | €44m | €35.3m | €43.2m | €40m | €36m | €34m | €46m | €34m |
| 4 | Linnte snámha — líon agus luach na n-íocaíochtaí | D.4 | 10<br>€4.2m | 10<br>€4.2m | 10<br>€4.1m | Ní chuirtear ar fáil | 5<br>€4m | 5<br>€4m | 5<br>€4m | 3<br>€2m |
| 5 | Faighteoirí earnáil tacaíochta spóirt Covid-19<br>• Ceanneagraíochtaí rialaithe náisiúnta — NGBanna<br>• Comhpháirtíochtaí áitiúla spóirt — LSPanna | D.5 | | | | | 47 NGB<br>29 LSP | 50 NGB<br>27 LSP | | |
| 6 | Líon agus luach na n-íocaíochtaí leis an gciste bonneagair spóirt mhórscála (LSSIF) | D.7 | | | | | 18<br>€14.6m | 55<br>€14.6m | 55<br>€14.6m | 90<br>€42.6m |
| 7 | Líon na dtionscadal LSSIF a cuireadh i gcrích | D.7 | | | | | 4 | 12 | 12 | 8 |
| 8 | Líon na dtionscadal LSSIF a dearadh | D.7 | | | | | 7 | 5 | 7 | 6 |
| 9 | Líon na dtionscadal LSSIF atá á dtógáil | D.7 | | | | | 10 | 7 | 19 | 13 |

| | Comhthéacs agus táscairí tionchair — iarbhír | Fo-cheannteideal | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 10 | Líon na ndaoine a ghlac páirt i spórt agus in aclaíocht, mar atá ríofa ag *Irish Sports Monitor* (% na ndaoine fásta) | *Ní shonraítear an fo-cheannteideal do na slata tomhais aschuir seo* | 43% | 43% | 46% | 46% | 40% | 43% | *Cuireadh torthaí ar fáil dhá bhliain chun deiridh.* | |
| 11 | Líon na ndaoine a ghlac páirt i seisiún spóirt, mar atá ríofa ag *Irish Sports Monitor* (% na ndaoine fásta a ghlacann páirt i seisiún amháin ar a laghad, a mhaireann 30 nóiméad nó níos mó, uair sa tseachtain ar a laghad) | | 39% | 39% | 43% | 43% | 34% | 38% | | |
| 12 | Líon na mbonn a buadh i gcomórtas idirnáisiúnta ar leibhéal scotha (sa spórt a dtacaíonn Spórt Éireann leo) | | 72 | 77 | 80 | 14 | 62 | 105 | | |
| 13 | Líon na gcuairteoirí ar an Ionad Náisiúnta Uisce | | 1.1 m | 1.15 m | 1.0 m | 0.32 m | 0.26 m | 0.8 m | | |
| 14 | Líon laethanta de sheirbhísí tacaíochta (eolaíocht, leigheas agus nós maireachtála) a sheachadann Institiúid Spóirt Éireann do lúthchleasaithe | | 2,961 | 3,303 | 3,304 | 4,107 | 5,012 | 5,386 | | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **15** | Líon na dtástálacha frithdhópála a rinneadh mar chuid den Chlár Náisiúnta Tástála | | 989 | 1,112 | 1,303 | 1,045 | 1,354 | 1,415 | |
| | | | *Líon na spriocanna a cuireadh ar fáil do tháscairí aschuir chun comparáid a dhéanamh leis an bhfíor-fheidhmíocht* | | | | | | |

Foinse: Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2017 – 2024

Nóta: a Tháinig aistriú na feidhme spóirt ón iar-Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (Vóta 31) i bhfeidhm ón 16 Meán Fómhair 2020 faoi IR 339/220. Tógadh an fhaisnéis uile maidir le Clár D roimh 2020 ó Vóta 31.

*Slata tomhais an chláir spóirt*

**10.29** Ba é €198 milliún meastachán foriomlán an chláir spóirt agus áineasa in 2023.

**10.30** Ní raibh aon ghnáth-shlat tomhais aschuir ann maidir le fo-cheannteidil D.5 (€105 milliún) agus D.6 (€12 milliún). Tugadh an maoiniú seo do Spórt Éireann chun tacú lena ghníomhaíochtaí. É sin ráite, baineann na táscairí comhthéacs agus tionchair atá curtha i láthair don chlár le réimsí freagrachta Spóirt Éireann: céatadán na ndaoine fásta a ghlacann páirt rialta in aclaíocht; na boinn a buadh i gcomórtais idirnáisiúnta ar leibhéal scotha, líon úsáideoirí an Ionaid Náisiúnta Uisce.

**10.31** Cé go bhfuil tomhas iontaofa ann ar na táscairí seo, tá an fhaisnéis sna Meastacháin Athbhreithnithe dhá bhliain chun deiridh agus níor leagadh síos aon sprioc bhliantúil feidhmíochta. Dúirt an Roinn nach féidir an rannpháirtíocht a mheas ach chun deiridh agus go measann *Irish Sports Monitor* í, suirbhé a mheasann rannpháirtíocht spóirt ar fud na hÉireann.[1] Dá bharr sin, is í an fhaisnéis a chuireann an Roinn ar fáil an fhaisnéis is deireanaí atá ar fáil. Ar an mbealach céanna, ní féidir spriocanna feidhmíochta bliantúla a chur san áireamh do na táscairí comhthéacs agus tionchair seo toisc nach gclúdaíonn na Meastacháin Athbhreithnithe ach an comhthéacs stairiúil agus táscairí tionchair gan spriocanna.

**10.32** Baineann na hocht dtáscaire feidhmíochta comhionannais (leagtha amach in Aguisín 10B) atá curtha i láthair don chlár spóirt le gníomhaíocht a gcuireann Spórt Éireann maoiniú ar fáil di. Cé gur cosúil go ndearnadh roinnt slat tomhais a rangú go mícheart, mar shlata tomhais aschuir, comhthéacs nó tionchair, is fadhb bheag í seo: is slata tomhais níos fearr, níos fiúntaí iad seo ná aon cheann eile a ndearnadh athbhreithniú air. Mar shampla

- Cuirtear an líon maoinithe a thugtar don chlár *Mná sa Spórt* (€2.7 milliún in 2023) i láthair.
- Socraíodh an sprioc-chóimheas idir rannpháirtithe baineanna agus rannpháirtithe fireanna sa spórt le haghaidh 2023 (0.94: 1). Cuireann an toradh measta bunaithe ar shuirbhé in 2021 (0.89: 1) comhthéacs ábhartha ar fáil, cé go bhfuil sé rud beag as dáta.
- 47 is ea an sprioclíon bonn do 2023, buaite ag mná/foirne measctha i gcomórtais idirnáisiúnta ar leibhéal na scotha, ach níl aon sprioc ann maidir le gach bonn a buadh ag an leibhéal seo le haghaidh 2023.

1 Tá an leagan is deireanaí de *Thuarascáil Bhliantúil Irish Sports Monitor 2022* ar fáil anseo.

**10.33** I meastachán 2023, cuireadh slata tomhais aschuir i láthair maidir leis an bhfo-cheannteideal €55 milliún D.3 Caipiteal spóirt agus trealamh (trí shlat tomhais); an fo-cheannteideal €2 mhilliún D.4 Clár linn snámha údaráis áitiúil (slat tomhais amháin); agus an fo-cheannteideal €13.6 milliún D.7 Ciste bonneagair spóirt mhórscála (ceithre shlat tomhais). Cé go ndéantar cur síos orthu seo mar shlata tomhais aschuir, díríonn siad ar líon na scoileanna ar tacaíodh leo, den chuid is mó, agus ait go leor, déantar aithris ar an méid maoinithe a chuirtear ar fáil faoin bhfo-cheannteideal. Tríd is tríd, ní thugtar mórán léargais ar an ngnóthachtáil cheart ón gcaiteachas a bhaineann le hábhar.


### *Ag nascadh na slat tomhais aschuir leis an gcaiteachas*

**10.34** Scaiptear an caiteachas a thabhaíonn an Roinn ar gach ceann dá cláir ar fud roinnt fo-cheannteideal. Mar a léirítear i bhFíor 10.5, as na 31 slat tomhais aschuir a tuairiscíodh sna Meastacháin Athbhreithnithe do na cláir ealaíon agus spóirt in 2023, níl ach 19 slat tomhais aschuir nasctha go díreach le fo-cheannteideal.

**10.35** Is éard is brí leis sin ná nach bhfuil slat tomhais aschuir ghaolmhair ag clár B na healaíona agus an cultúr, €94 milliún nó 26% de chaiteachas iomlán an chláir in 2023. I gcás chlár D, Spórt agus Áineas, níl slat tomhais aschuir ghaolmhair ag beagnach €128 milliún nó 64% de chaiteachas iomlán an chláir in 2023.

**10.36** Tá formhór na bhfo-cheannteideal nach bhfuil slata tomhais aschuir acu do chostais riaracháin na gclár agus don mhaoiniú deontais a dháileann an Roinn ar a gníomhaireachtaí/a heagraíochtaí iartheachtacha (amhail Ard-Mhúsaem na hÉireann, an Leabharlann Náisiúnta agus an Dánlann Náisiúnta) nó ar chomhlachtaí spóirt atá ag baint leas as deontais chaipitil spóirt.

**Fíor 10.5 Fo-cheannteidil atá nasctha le príomh-shlat tomhais aschuir sa mheastachán athbhreithnithe do Vóta 33, 2023**




Foinse: Vóta 33 Cuntas Leithreasa 2023 agus na Meastacháin Athbhreithnithe don tSeirbhís Phoiblí 2023

## Rannpháirtíocht le comhlachtaí iartheachtacha

**10.37** Cuireann an Roinn maoiniú ar fáil do roinnt gníomhaireachtaí/eagraíochtaí iartheachtacha a thagann le príomhchuspóirí agus le cláir na Roinne agus a thugann faoi réimse feidhmeanna thar ceann na Roinne. Is gá a bheith rannpháirteach leis na gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí iartheachtacha seo chun go ndéanfar an fheidhmíocht a thomhas go héifeachtach, ionas go n-aontófar ar

- shainmhínithe na n-aschur, na dtionchar agus na dtorthaí coiteanna agus
- chur chuige chun comhchreataí tomhais a fhorbairt maidir le torthaí coiteanna.

**10.38** Cuireann gníomhaireachtaí/eagraíochtaí iartheachtacha faisnéis feidhmíochta ar fáil ina gcomhaontuithe seachadta feidhmíochta. Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar an bhfaisnéis feidhmíochta atá i gcomhaontuithe seachadta feidhmíochta 2023 na gceithre ghníomhaireacht/eagraíocht iartheachtach — An Chomhairle Ealaíon, Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, Spórt Éireann agus Fís Éireann.

**10.39** Fuair an fhoireann imscrúdaithe amach go raibh an fhaisnéis feidhmíochta sna comhaontuithe seachadta feidhmíochta ina meascán de shlata tomhais aschuir agus gníomhaíochtaí pleanáilte. Mar a léirítear i bhFíor 10.6, rinneadh taifead sna ceithre chomhaontú ar 113 slat tomhais ar an iomlán. Ní slata tomhais feidhmíochta cearta a bhain leis an tseirbhís a bhí in 74 astu sin (thart ar 65%), ina áit sin, bhain siad le gníomhaíochtaí pleanáilte — amhail bearta a fhorbairt agus a fhoilsiú.

**10.40** Maidir leis na 39 slat tomhais aschuir iarbhír a sonraíodh sa cheithre chomhaontú seachadta feidhmíochta, níorbh fhéidir ach sé cinn a nascadh le slata tomhais aschuir na Roinne sna Meastacháin Athbhreithnithe. Ní fhéadfaí ceann ar bith de na slata tomhais aschuir sna comhaontuithe a nascadh le straitéisí ardleibhéil na Roinne le haghaidh na n-earnálacha ábhartha.

**Fíor 10.6 Comparáid idir na slata tomhais aschuir i sampla de PDAnna le haghaidh 2023, meastachán na Roinne le haghaidh 2023 agus ráiteas straitéise na Roinne (2023 – 2025)**

| | Slata tomhais aschuir | | Gníomhaíochtaí beartaithe | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | Líon in PDA | Líon nasctha leis na Meastacháin Athbhreithnithe | Líon in PDA | Líon nasctha le straitéisí ardleibhéil na Roinne | |
| An Chomhairle Ealaíon | 3 | — | 51 | 8 | 54 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 17 | 4 | — | 1 | 17 |
| Spórt Éireann | 2 | 2 | 13 | 3 | 15 |
| Fís Éireann/Screen Ireland | 17 | — | 10 | 2 | 27 |
| **Iomlán** | **39** | **6** | **74** | **14** | **113** |

Foinse: Comhaontuithe um sheachadadh feidhmíochta le haghaidh 2023, Ráiteas Straitéise na Roinne (2022 go 2025) agus na Meastacháin Athbhreithnithe don tSeirbhís Phoiblí 2023

### Meastóireacht a dhéanamh ar an gcóras faisnéise feidhmíochta

**10.41** Ba cheart do chomhlachtaí poiblí meastóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar a gcuid córais faisnéise feidhmíochta chun a chinntiú go bhfuil tomhas á dhéanamh acu fós ar an méid is gá a thomhas, agus go bhfuil luach ar airgead á chur ar fáil acu maidir leis an mbealach ina ndéantar an tomhas, agus an chaoi a n-úsáidtear an fhaisnéis.

**10.42** D'fhéadfadh sé gur ghá slata tomhais feidhmíochta a athbhreithniú chun athruithe ar thosaíochtaí eagraíochta a chur san áireamh, i gcás go bhféadfadh nach mbeadh na slata tomhais tosaigh úsáideach a thuilleadh nó i gcás inar tháinig athrú ar na modhanna trína ndéantar feidhmíocht a thomhas.

**10.43** Ní dhearna an Roinn aon mheastóireacht dá leithéid ar a cuid slat tomhais aschuir.

### Tuairimí an Oifigigh Chuntasaíochta don Roinn

**10.44** Cuirtear fáilte roimh an tuarascáil thráthúil ar mhéadrachtaí feidhmíochta na Roinne. Chuige sin, ba cheart a thabhairt faoi deara maidir leis na méadrachtaí feidhmíochta atá foilsithe sna Meastacháin Athbhreithnithe, go gcloítear leo leis an treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí, nach bhforáiltear inti ach do mhéadrachtaí cainníochtúla agus ina mbreathnaítear go siarghabhálach ar thionchair. Ní éilítear ailíniú fo-cheannteidil le tionchair leis an treoir. Mar gheall ar fhormáid na Meastachán Athbhreithnithe, an éagsúlacht inmheánach laistigh de fho-cheannteidil áirithe agus an easpa spáis atá ar fáil féadann ailíniú fo-cheannteidil a bheith deacair. Ní éascaítear leis ach an oiread líon níos lú tionchar níos fiúntaí a dhearadh.

**10.45** Tá cuid de na hearnálacha a ndearnadh iniúchadh orthu doicheallach do mhéadrachtaí cainníochtúla, nach féidir cineál iomlán na ndisciplíní spóirt agus na bhfoirmeacha ealaíne agus léirithe a léiriú. Ní éascaíonn méadrachtaí cainníochtúla léiriú ar luach intreach na réimsí clár arna n-athbhreithniú i.e. oidhreacht chultúrtha agus spóirt na hÉireann a chaomhnú.

**10.46** Ní thugtar deis ach an oiread le méadrachtaí cainníochtúla tairbhí coimhdeacha na n-earnálacha sin a léiriú i ndáil le sláinte, folláine, rannpháirtíocht an phobail, agus imeascadh sa tsochaí. Maidir le cuid acu siúd d'fhéadfadh go mbeadh gá le staidéar fadaimseartha níos fadtéarmaí, nach n-ailíníonn arís eile le haon fho-cheannteideal ar leith, — amhail tairbhí na rannpháirtíochta spóirt nó cultúrtha don mheabhairshláinte. Tá go leor táscairí feidhmíochta á dtomhas ar fud na Roinne ach ní gá go bhfoilseofaí iad mar chuid de na Meastacháin Athbhreithnithe, agus aird tugtha ar an treoir ón Roinn Caiteachais Phoiblí.

### Tuairimí Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe

**10.47** Ar aon dul le freagracht as caiteachas a roinnt, is iad Oifigigh Chuntasaíochta aonair agus a gcuid ranna atá freagrach as méadrachtaí a shocrú agus tuairisciú orthu. Roghnaíonn gach roinn a cuid méadrachtaí chun spriocanna beartais na gclár a léiriú seachas díreach a gcuid leibhéal caiteachais. Scaiptear nótaí treorach go rialta ar ranna ó tugadh isteach an creat um bhuiséadú feidhmíochta. Tacaíonn an t-aonad buiséadaithe feidhmíochta i mo Roinn féin le ranna agus iad ag forbairt méadrachtaí.

**10.48** Ba cheart do Ranna na sonraí sin a thomhas agus a bhailiú mar uirlis ghnó chun luach ar airgead a chinntiú agus chun torthaí an mhaoinithe phoiblí a thuiscint. Tá tuairisciú na sonraí sin sruthlínithe ag mo Roinn faoin gcreat um buiséadú feidhmíochta le haghaidh ranna trína gcuimsiú sa chóras bainistíochta um meastacháin leictreonacha.

**10.49** Tugann ranna tuairisc i dtuarascáil feidhmíochta na seirbhíse poiblí (PSPR) a fhoilsítear sa dara ráithe de gach bliain ar cibé acu ar comhlíonadh na spriocanna/na gealltanais atá socraithe sna Meastacháin Athbhreithnithe agus méid an chomhlíonta sin. Úsáideann Coistí Oireachtais an PSPR go fairsing ina rannpháirtíocht le ranna.

**10.50** Tugadh aghaidh ar chur i láthair faisnéise feidhmíochta i Meastacháin Athbhreithnithe 2024 agus tabharfar aghaidh leis ar an gcaoi chéanna sna blianta atá le teacht, agus lipéid uimhreach le haghaidh fo-cheannteideal a bhaineann le gach méadracht curtha san áireamh sa cholún ar chlé, ar mhaithe le tagairt éasca a dhéanamh don líne chaiteachais ábhartha.

**10.51** In 2019, reáchtáladh seó bóthair oiliúna ar fud ranna maidir le méadrachtaí ardchaighdeáin a roghnú. Tá seó bóthair oideachasúil den chineál céanna beartaithe ag tús na bliana seo chugainn agus tacaíocht duine le duine tugtha roimh Mheastacháin Athbhreithnithe 2025.

## Conclúidí agus moltaí

**10.52** Is ionann faisnéis feidhmíochta agus an modh trínar féidir eagraíocht a mheas maidir le cé chomh maith is atá ag éirí leo ó thaobh a spriocanna agus a gcuspóirí de. Féadann sé ról tábhachtach a ghlacadh ó thaobh feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhísí poiblí a sheachadtar, eagraíochtaí a dhéanamh níos éifeachtúla agus éifeachtaí, agus ceadú do pháirtithe leasmhara tuiscint a fháil faoina bhfuil (nó nach bhfuil) á baint amach agus feabhas a spreagadh.

**10.53** Tugadh faoin iniúchadh chun úsáideacht phraiticiúil na faisnéise ar fheidhmíocht meastachán a mheasúnú ar leibhéal cláir in aon vóta amháin.[1] Rinneadh athbhreithniú leis ar an bhfaisnéis arna cur i láthair i dtaobh dhá chlár de na cláir chaiteachais atá mar chuid de Vóta 33, Turasóireacht, Cultúr, na hEalaíona, an Ghaeltacht, Spórt agus na Meáin — clár B na healaíona agus an cultúr agus clár D Seirbhísí spóirt agus áineasa.

**10.54** Is rud dúshlánach é sraith slat tomhais feidhmíochta ardleibhéil ábhartha a dhearadh agus a fhorbairt in earnáil ar bith, agus glactar leis go mbaineann deacrachtaí bunúsacha le slata tomhais den sórt sin a dhearadh maidir le caiteachas ar na healaíona agus ar spórt. D'ainneoin sin, is gá leithdháileadh maoinithe agus cinntí faoi chaiteachas a dhéanamh trí thagairt do chuspóirí straitéiseacha a chuirtear in iúl i dtéarmaí is féidir a chainníochtú e.g. rannpháirtíocht sna healaíona, i ngníomhaíocht chruthaitheach agus i spóirt, lena n-áirítear le haghaidh mionlaigh agus pobail faoi mhíbhuntáiste; aschuir i dtéarmaí líon taispeántas agus imeachtaí spóirt; agus freastal ar imeachtaí nó ionaid ealaíne, cultúrtha agus spóirt.

**10.55** Tá méadú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar an líon slat tomhais feidhmíochta arna gcur i láthair ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Is é an cuspóir ar cheart díriú air, áfach, sraith táscairí áititheacha, beachta agus ábhartha a chur i láthair, agus ní toradh inmhianaithe ann féin é níos mó táscairí a bhailiú gach bliain.

1 Cuireadh tuarascálacha roimhe seo ar fheidhmíocht i dtaobh caiteachas vótáilte a thomhas agus a thuairisciú i láthair sa *Tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí, 2019*, caibidil 11 Feidhmíocht a thomhas um chaiteachas Státchiste ar thithíocht shóisialta *agus Tuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí 2022, caibidil 7*An tseirbhís pasanna a athrú ó bhonn.

**10.56** D'ainneoin gur tháinig méadú ar líon na slat tomhais feidhmíochta don dá chlár, fuarthas san imscrúdú seo, maidir le clár na n-ealaíon, ar caitheadh thart ar €347 milliún air in 2023, nárbh ann do shlata tomhais feidhmíochta ná spriocanna comhfhreagracha um fheidhmíocht aschuir sna Meastacháin Athbhreithnithe i gcás ocht gcinn de 14 straitéis ardleibhéil na Roinne.

**10.57** Ar an iomlán, d'fhéadfaí na slata tomhais feidhmíochta a fheabhsú don dá chlár arna gcur i láthair leis an meastachán. Is ann do réimsí móra caiteachais nach mbaineann aon slata tomhais feidhmíochta ábhartha leo. I gcás ina gcuirtear slata tomhais ar fáil, is deacair a léirmhíniú uaireanta céard atá i gceist le dea-fheidhmíocht (nó drochfheidhmíocht). Is cosúil go bhfuil go leor de na táscairí comhthéacs agus tionchair atá curtha i láthair as dáta agus neamhábhartha do phlé buiséid na bliana sprice, go háirithe ós rud é nach ngabhann spriocanna leo. Ní thugtar faisnéis fhiúntach feidhmíochta ach leis na táscairí feidhmíochta comhionannais a bhaineann le Spórt Éireann (cé go bhféadfaí iad a chuíchóiriú agus líon na dtáscairí a laghdú).

**10.58** Is gá creataí um thomhas feidhmíochta a oiriúnú le himeacht ama chun aon athruithe ar thosaíochtaí straitéiseacha eagraíochtaí a chur san áireamh, nó i gcás nach bhfuil na slata tomhais úsáideach a thuilleadh nó go n-athraítear an bealach ina ndéantar feidhmíocht a thomhas. Ní dhearna an Roinn aon mheastóireacht fhoirmiúil ar a cuid slata tomhais feidhmíochta.

### Moladh 10.1

Ba cheart don Roinn meastóireacht a dhéanamh ar a córas faisnéise feidhmíochta chun a chinntiú go bhfuil na slata tomhais dea-fheidhmíochta is fearr á n-úsáid a chuireann ar a cumas measúnú a dhéanamh ar a feidhmíocht de réir a cuid aidhmeanna agus cuspóirí. Ba cheart go gcuimseodh meastóireacht breithniú

- ar an ngaol idir ionchuir, aschuir agus torthaí
- ar an nasc idir na slata tomhais feidhmíochta agus cuspóirí straitéiseacha na Roinne
- ar an nasc idir na slata tomhais feidhmíochta agus na catagóirí caiteachais
- ar an leibhéal rannpháirtíochta le gníomhaireachtaí/le heagraíochtaí iartheachtacha na Roinne.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Tugann an Roinn faoi deara an moladh seo agus glactar leis. Aontaíonn sí measúnú a dhéanamh agus cuirfear tús le próiseas chuige sin i R4 2024.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

R4 2024.

## Iarscríbhinn 10A Spriocanna straitéiseacha a ailíniú le slata tomhais Vóta 33 um aschur cláir

### Fíor 10A.1 Clár B Na hEalaíona agus an cultúr

**Sprioc B — Chun tacú le rannpháirtíocht daoine aonair agus an phobail agus í a spreagadh sna healaíona, sa chultúr agus sa chruthaitheacht, ag saibhriú saol daoine trí ghníomhaíocht chultúrtha, chruthaitheach, chun na healaíona, cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann a chur chun cinn go domhanda, agus chun geilleagar oíche níos bríomhaire agus níos éagsúla a spreagadh.**

| | Straitéisí ardleibhéil | Slat tomhais aschuir |
|---|---|---|
| 1 | Earnálacha na n-ealaíon agus an chultúir a threisiú agus tacú le téarnamh leantach na hearnála tar éis ré Covid-19. | ✓ |
| 2 | Líonra inmharthana agus inbhuanaithe de bhonneagar ealaíon agus cultúrtha a shocrú agus a uasghrádú. | ✓ |
| 3 | Clár Éire Ildánach 2023 – 2027 a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht le páirtithe leasmhara náisiúnta agus áitiúla. | ✓ |
| 4 | An comhthéacs beartais agus reachtach don chultúr a athbhreithniú chun a chinntiú go dtacaíonn sé le cearta cultúrtha agus daonlathas cultúrtha, go gcuireann sé chun cinn nuálaíocht ó thaobh bailiúcháin a bhailiú agus a chur i láthair, agus go gcruthaítear deiseanna um phlé tras-Rialtais i ndáil leis an oidhreacht chultúrtha. | ✗ |
| 5 | ▪ Ár gcuid gníomhaireachtaí agus Forais Chultúrtha Náisiúnta a neartú trí thairiscint chultúrtha ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal.<br>▪ Féachaint chuige go seasfaidh ár gcuid institiúidí agus bailiúcháin náisiúnta an aimsir chun a chinntiú go mbeidh siad inbhuanaithe agus ar fáil do na glúnta atá le teacht. | ✓ |
| 6 | Na deiseanna a mhéadú um earnálacha closamhairc agus cluichíochta na hÉireann. | ✓ |
| 7 | Na hEalaíona in Éirinn a chur chun cinn ar fud an domhain trí ealaíontóirí Éireannacha a chur chun cinn agus tacú leo trí Chultúr Éireann.<br>Na gníomhartha cultúrtha a chur i bhfeidhm faoi Éire Dhomhanda 2025. | ✓ |
| 8 | Páirt a ghlacadh san Aontas, in UNESCO agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha eile um fhorbairt agus cur i bhfeidhm beartais agus cláir. | ✗ |
| 9 | Maoirseacht a dhéanamh ar thabhairt chun críche Chlár Deich mBliana na gCuimhneachán; bunaithe ar threoir an tSainghrúpa Chomhairligh agus le hionchur ón nGrúpa Comhairliúcháin Uile-Pháirtí ar Chuimhneacháin. | ✗ |
| 10 | Deiseanna cultúrtha agus cruthaitheacha a mhéadú mar chuid den Tascfhórsa don Gheilleagar Oíche. | ✗ |
| 11 | ▪ Tacú leis an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú an Lucht Siúil agus Roma trí thabhairt faoi thionscnaimh agus thionscadail le haghaidh phobail an Lucht Siúil agus Roma.<br>▪ Ról na mban san ealaín agus sa chultúr a chur chun cinn trí scéimeanna cultúrtha nuálacha amhail Gradam Markievicz, lena dtacaítear le forbairt ealaíne agus saothair ealaíne nua.<br>▪ Cur ar chumas daoine faoi mhíchumas páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus cláir a bhaineann leis an gcultúr. | ✗ |
| 12 | Tacú leis an earnáil chultúir agus chruthaitheach le téarnamh glas, cabhrú leis a bheith ina hearnáil ísealcharbóin níos inbhuanaithe, na hastaíochtaí gaolmhara a laghdú, agus margadh dúchasach le haghaidh réitigh atá neamhdhíobhálach don aeráid. | ✗ |
| 13 | ▪ Meas ar an nGaeilge agus labhairt na teanga a chothú trí ghníomhaíochtaí cultúrtha.<br>▪ Creat tacaíochtaí i bhfeidhm chun dínit ag an obair a chinntiú do na hoibrithe go léir in earnálacha na n-ealaíon, an chultúir agus na cruthaitheachta. | ✗ |
| 14 | Oileán Comhroinnte. | ✗ |

Foinse: Ráiteas Straitéise 2023 – 2025, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus na Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2023

**Fíor 10A.2 Clár D Spóirt**

| **Sprioc D — Rannpháirtíocht sa spórt a chur chun cinn, go nglacfaidh níos mó daoine páirt sa spórt, le béim ar leith ar rannpháirtíocht na mban agus ar an éagsúlacht, fad is atáthar ag leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh i saoráidí nua spóirt, lúthchleasaithe ardfheidhmíochta agus mórimeachtaí a reáchtáil.** | | |
|---|---|---|
| | **Straitéisí ardleibhéil** | **Slat tomhais aschuir** |
| **1** | Méadú leanúnach ar rátaí rannpháirtíochta a bhaint amach i dtreo sprioc Chlár an Rialtais a bhaint amach, mar atá 60% den daonra faoi 2027. | ✓ |
| **2** | A chinntiú go bhfuil córas oscailte, trédhearcach agus éifeachtach i bhfeidhm chun tacú le soláthar áiseanna spóirt ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach tríd an gClár Caipitil Trealaimh Spóirt. | ✓ |
| **3** | A chinntiú go bhfuil saoráidí ar deonaíodh maoiniú dóibh cheana faoin gCiste Bonneagair Spóirt Mórscála (LSSIF) agus faoi Chlár Linn Snámha an Údaráis Áitiúil (LASPP) tugtha chun críche agus, faoi réir maoiniú breise a bheith ar fáil, a chinntiú go bhfuil córas trédhearcach agus éifeachtach i bhfeidhm chun tacú le tionscadail nua um bonneagar spóirt mórscála. | ✓ |
| **4** | Leanúint den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018 – 2027 a chur i bhfeidhm agus na gníomhartha tosaíochta a chur i gcrích atá leagtha amach i bPleananna Gníomhaíochta gaolmhara. | ✓ |
| **5** | Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt leanúnach Champas Spórt Éireann i mBaile Bhlainséir lena n-áirítear tionscadail a fhorbairt atá leagtha amach sa Mháistirphlean Campais. | ✗ |
| **6** | ▪ Ceannaireacht a chur ar fáil le haghaidh saincheisteanna trasearnála spóirt agus d'earnáil an spóirt, lena n-áirítear comhionannas inscne, éagsúlacht agus cuimsiú agus an beartas a fhorbairt chuige sin.<br>▪ Spórt Éireann a éascú agus a chumasú le clár idirghabhálacha a sheachadadh chun cur le leibhéil rannpháirtíochta i measc daoine faoi mhíchumas. | ✓ |
| **7** | An tábhacht a aithint a bhaineann le cistí poiblí a chosaint chomh maith leis an dochar don chlú a ghabhann le géarchéimeanna rialachais atá go mór i mbéal an phobail, iarracht níos fearr a dhéanamh caighdeáin an rialachais chorparáidigh a fheabhsú ar fud earnáil an spóirt. | ✓ |
| **8** | Ról na mban i mbainistíocht agus i gceannaireacht spórt na hÉireann a mhéadú. | ✓ |

Foinse: Ráiteas Straitéise 2023 – 2025, An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus na Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2023

# Iarscríbhinn 10B Spriocanna aschuir agus táscairí feidhmíochta don chomhionannas 2021-2024

## Fíor 10B.1 Clár B Na hEalaíona agus an cultúr

| | Slat tomhais aschuir — spriocanna | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Líon na n-iarratas a bhfuil baint ag tallann ban leo a mhéadú. | | >50% | >50% | >50% |
| 2 | Líon na n-iarratas rathúil a fhaightear a bhfuil baint ag tallann ban leo a mhéadú | >50% | >50% | >50% | >50% |
| | **Comhthéacs agus táscairí tionchair — iarbhír** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** |
| 3 | Líon na n-iarratas ar Fhís Éireann a fuarthas. | 509 | 805 | 689 | |

Foinse: Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2021 – 2024

## Fíor 10B.2 Clár D Spóirt

| | Slat tomhais aschuir — spriocanna | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Líon na gcomhlachtaí náisiúnta rialaithe a thacaítear ag Clár Spórt Éireann 'mná sa spórt'. | 40 | 45 | 45 | 45 |
| 2 | Líon na gcomhpháirtíochtaí spóirt áitiúla a dtugann Clár Spórt Éireann 'mná sa spórt' tacaíocht dóibh | 26 | 29 | 29 | 29 |
| 3 | Déanann an *Irish Sports Monitor* an cóimheas idir rannpháirtithe baineanna agus rannpháirtithe fireanna sa spórt a ríomh | 0.94 | 0.92 | 0.94 | |
| | **Comhthéacs agus táscairí tionchair — iarbhír** | **2021** | **2022** | **2023** | **2024** |
| 4 | An méid a caitheadh ar chlár Spórt Éireann 'Mná sa Spórt' | €2,265,000 | €2,265,000 | €2,700,000 | *Torthaí iarbhír curtha ar fáil bliain amháin chun deiridh* |
| 5 | Líon na mban a ghlac páirt i spórt agus in aclaíocht, mar atá ríofa ag *Irish Sports Monitor*. | 38% | 40% | 45% | |
| 6 | An cóimheas idir rannpháirtithe baineanna agus rannpháirtithe fireanna sa spórt mar atá ríofa ag *Irish Sports Monitor*. | 0.88 | 0.91 | 0.94 | |
| 7 | Líon na mbonn atá buaite ag mná nó ag foirne measctha le ba(i)ll b(h)aineanna i gcomórtas idirnáisiúnta ar leibhéal na scotha. | 38 | 56 | 47 | |
| 8 | Céatadán na mban ar bhoird coistí náisiúnta rialaithe. | 32% | 32% | 35% | |

Foinse: Meastacháin Athbhreithnithe le haghaidh Seirbhísí Poiblí 2021 – 2024